# MOLTAÍ

## MOLADH Uimh. 1/2022 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-IOSRAEL

## an 8 Márta 2022

## lena bhformheastar an síneadh arna chur le Plean Gníomhaíochta AE-Iosrael [2022/412]

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-IOSRAEL,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile ("an Comhaontú Eora-Mheánmhara") sa Bhruiséil an 20 Samhain 1995 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2000.

(2) Le hAirteagal 69 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, tugtar an chumhacht don Chomhairle Comhlachais cinntí a ghlacadh agus moltaí iomchuí a dhéanamh.

(3) Déantar foráil le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhlachais maidir leis an bhféidearthacht cinntí nó moltaí a ghlacadh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin, má chomhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfar amhlaidh;

(4) Leis an síneadh 3 bliana a chuirtear ar Phlean Gníomhaíochta AE-Iosrael, beidh an deis ag na Páirtithe an comhar eatarthu a fhorbairt sna blianta amach rompu, lena n-áirítear trí chaibidlíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thosaíochtaí comhpháirtíochta,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A LEANAS A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Molann an Chomhairle Comhlachais, ag gníomhú di trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, síneadh 3 bliana a chur le Plean Gníomhaíochta AE-Iosrael amhail ó lá glactha an Mholta seo.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh an Moladh seo éifeacht ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Márta 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 147, 21.6.2000, lch. 3.